

## Gníomhaíocht Daltaí: Ag iniúchadh $a^p \div a^q$

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ' $a^p \div a^q$ ', ar CD an dalta.

1.

- a. Scríobh  $2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2$  san fhoirm  $2^n$ .
- 

- b. Scríobh  $2 \times 2$  san fhoirm  $2^m$ .
- 

- c. Leis na freagraí a fuair tú as páirteanna a agus b, scríobh  $\frac{2^n}{2^m}$  agus cealaigh de réir mar is gá. Cé mhéad 2 atá ann anois?
- 

- d. An dtugann tú cosúlacht ar bith faoi deara idir an líon 2anna i bpáirt c thusa agus an líon 2anna i bpáirteanna a agus b den cheist seo?
- 

2.

- a. Scríobh  $2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2$  san fhoirm  $2^a$ .
- 

- b. Scríobh  $2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2$  san fhoirm  $2^b$ .
- 

- c. Leis na freagraí a fuair tú as páirteanna a agus b, scríobh  $2^a \div 2^b$  san fhoirm  $\frac{2^a}{2^b}$  agus cealaigh de réir mar is gá. Cé mhéad 2 atá ann anois?
- 

- d. Leis na freagraí a fuair tú as páirteanna a agus b, an dtugann tú cosúlacht ar bith faoi deara idir an líon 2anna i bpáirt c den cheist seo agus an líon 2anna i bpáirteanna a agus b den cheist?
- 

3.

- a. Scríobh  $3^2 \div 3^3$  san fhoirm  $3^n$ . Mínigh mar a bhfuair tú do fhreagra.
- 

- b. Scríobh  $4^2 \div 4^3$  san fhoirm  $4^n$ . Mínigh mar a bhfuair tú do fhreagra.
-

c. Scríobh  $a^6 \div a^4$  san fhoirm  $a^m$ . Mínigh mar a bhfuair tú do fhreagra.

---

d. Cé na cúinsí faoina n-oibreodh an rial thusas i gcás  $a^6 \div b^4$ ?

---

4.

a. Cén t-eolas a bheadh agat faoi a agus faoi b le go n-oibreodh an rial  $a^p \div b^q$ ?

---

b. An oibríonn an rial thusas i gcás  $2^p \div 3^q$ ? Cén fáth?

---

5.

a. Má tá  $3^p \div 3^4 = 3^7$ , faigh p.

---

b. Má tá  $a^6 \div a^4 = 2^2$ , faigh a.

---

6.

a. Cé na luachanna de b a shásáíonn  $b^6 \div b^4 = b^{10}$ ?

---

b. Cén luach de q a shásáíonn  $a^{12} \div a^q = a^{10}$ ,  $q \in \mathbb{Z}$ ?

---

7. Agus tú ag iniúchadh  $3^6$ , cé acu 3 nó 6 an séan?

---

8. Cén fáth a mbeadh  $a^p - a^4 \neq a^7$  de ghnáth?

---

9. Cén fáth a mbíonn  $5^0 \div a^p$  cothrom le  $a^{-p}$  i gcónaí?

---

10. Scríobh  $\sqrt{2}$  san fhoirm  $2^n$ .

---

11. Scríobh  $\frac{1}{\sqrt{2}}$  san fhoirm  $2^p$

---

12. Tabhair, i do chuid focal féin, an rial don roinnt nuair a bhíonn séana i gceist.

---

